18.4.2024 A9-0152/ 001-004

**LEASUITHE 001-004**
ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**Tuarascáil**
**Juan Fernando López Aguilar** **A9-0152/2024**
Leasú ar Threoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe

Togra le haghaidh cinnidh (COM(2023)0582 – C9-0382/2023 – 2023/0355(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| ***CINNEADH*** Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | ***TREOIR*** Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe | lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe |
| | ***(Tá feidhm ag an leasú seo tríd an téacs ar fad (cé is moite d'fhonótaí): an focal 'Treoir' a chur in ionad an fhocail 'Cinneadh' síos tríd an togra ón gCoimisiún.)*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Tá an Treoir seo bunaithe ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***mheasúnú cúramach ar chúinsí ar leith na hionstraime dlí sin agus tá sí teoranta don réimse coireachta sin. Tá sé gan dochar don ghá atá ann leibhéil iomchuí oibleagáidí tuairiscithe a áirithiú i réimse dhlí coiriúil an Aontais.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) [‘I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith na réimsí saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo ***’NÓ ‘I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith na réimsí saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar do Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.’ ].*** | (6) I gcomhréir le hAirteagal 3 ***agus Airteagal 4a (1)*** de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na ***Treorach*** seo. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh cinnidh**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2014/62/AE a leasú dá réir sin. | (7) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2014/62/AE a leasú dá réir sin. ***Ós rud é nach mbaineann an leasú spriocdhírithe ar an Treoir sin ach le hoibleagáid tuairiscithe a scriosadh, ní gá go sonrach do na Ballstáit an leasú a thrasuí.*** |